ÚBE/GL/2024/06

6 Meitheamh 2024

# Treoirlínte

## maidir le hinneachar íosta na socruithe rialachais d’eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha

# Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

## Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá Treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010[1]. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1), pointe (35)(a), de Rialachán (AE) 2023/1114 a bhfuil feidhm ag treoirlínte maidir leo agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.

2. Sna treoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí airgeadais san áireamh.

## Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an gcomhlíonann siad na treoirlínte seo nó an bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 20.11.2024. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba cheart fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach leis an tagairt "ÚBE/GL/2024/06". Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.

4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

# Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

## Ábhar

5. Sonraítear sna treoirlínte sin, i gcomhréir le hAirteagal 34(13) de Rialachán (AE) 2023/1114, inneachar íosta na socruithe rialachais d'eisitheoirí ARTanna go háirithe maidir leis na huirlisí faireacháin le haghaidh na rioscaí[2]; na pleananna leanúnachais gnó; an sásra rialaithe inmheánaigh; agus na hiniúchtaí, lena n-áirítear an doiciméadacht íosta atá le húsáid sna hiniúchtaí.

## Raon feidhme

6. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo tráth an údaraithe agus ar bhonn leanúnach maidir le húdaráis inniúla, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (35)(a), de Rialachán (AE) 2023/1114, agus maidir le heisitheoirí ARTanna.

7. Tá feidhm ag na treoirlínte maidir le gach eisitheoir ARTanna, go neamhspleách ar na struchtúir bhoird atá acu cheana.

8. Áirítear in aon tagairt do chomhlacht bainistíochta eisitheoirí ARTanna ar daoine dlítheanacha iad atá á mbainistiú ag duine nádúrtha aonair.

9. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna na treoirlínte sin a chomhlíonadh agus ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcomhlíonann eisitheoirí ARTanna na treoirlínte sin, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn uile-ghrúpa.

## Seolaithe

10. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (35)(a) de Rialachán (AE) 2023/1114.

11. Tá na Treoirlínte seo dírithe freisin ar eisitheoirí ARTanna mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe 10 de Rialachán (AE) 2023/1114, ARTanna mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe 6 den Rialachán sin. I gcás inar institiúid chreidmheasa eisitheoir ARTanna, ba cheart dó Teideal I, Teideal V, Ranna 12, 12.1, 12.2 12.3 agus Teideal VI agus Teideal VII a chomhlíonadh in éineacht leis na ceanglais a leagtar amach faoi Threoir 2013/36/AE agus treoirlínte ÚBE maidir le rialachas inmheánach[3].

---

[2] Ba cheart a áireamh in aon tagairt do rioscaí sna treoirlínte seo na rioscaí uile a bhfuil eisitheoirí ARTanna neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh eisitheoirí ARTanna a bheith neamhchosanta orthu, lena n-áirítear rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta.

[3] Treoirlínte maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir 2013/36/AE

## Sainmhínithe

12. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna treoirlínte seo ag téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) 2023/1114, Treoir 2014/65/AE, "Treoirlínte ÚBE maidir le socruithe rialachais inmheánaigh le haghaidh gnólachtaí infheistíochta faoi IFD" [4] agus Rialachán (AE) 2022/2554. Ina theannta sin, chun críocha na dtreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

| | |
|---|---|
| An chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta | ciallaíonn sé sin an comhlacht bainistíochta ag gníomhú dó ina ról maidir le heisitheoir ARTanna a stiúradh go héifeachtach agus lena n-áirítear na daoine a stiúrann a ghnó. |
| An chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta | ciallaíonn sé sin, i gcás ina bhfuil sé bunaithe, an comhlacht bainistíochta ag gníomhú dó ina ról maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chinnteoireacht na bainistíochta. |
| Athléimneacht oibríochtúil | ciallaíonn sé sin an cumas atá ag eisitheoir ARTanna feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a sholáthar trí shuaitheadh. |
| Grúpa | ciallaíonn sé sin grúpa mar a shainmhínítear in Airteagal 2(11) má shainmhínítear i dTreoir 2013/34/AE[5]. |
| Riosca oibriúcháin | ciallaíonn sé sin an riosca oibriúcháin mar a leagtar amach in Airteagal 4(1)(52) de Rialachán (AE) 575/2013. |

# Cur chun feidhme

## Dáta cur i bhfeidhm

13. Beidh feidhm ag na Treoirlínte seo ó 20.12.2024.

[4] Treoirlínte maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir (AE) 2019/2034

[5] Treoir 2013/34/AE maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas

# Treoirlínte

## Teideal I – Cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta

14. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna agus d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar phrionsabal na comhréireachta agus na treoirlínte seo á gcur i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme acu d'fhonn a áirithiú go bhfuil na socruithe rialachais comhsheasmhach le próifíl riosca aonair eisitheoir ARTanna agus an ghrúpa, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir lena mhéid agus lena eagrúchán inmheánach, ábhartha dá shamhail ghnó, oiriúnach do chineál, scála agus castacht a ghníomhaíochtaí agus leordhóthanach chun cuspóirí na gceanglas agus na bhforálacha rialála ábhartha a bhaint amach go héifeachtach.

15. Chun prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus chun cur chun feidhme iomchuí cheanglais rialachais Rialachán (AE) 2023/1114 a áirithiú mar a shonraítear a thuilleadh sna Treoirlínte seo, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna agus d'údaráis inniúla na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

    a. méid eisitheoir ARTanna i dtéarmaí iomlán an chláir comhardaithe;

    b. foirm dhlíthiúil eisitheoir ARTanna;

    c. cé acu atá eisitheoir ARTanna liostaithe nó nach bhfuil;

    d. aicmiú an chomhartha sócmhainn-tagartha a eisítear mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach nó neamhshuntasach de bhun Airteagail 43 agus 44 agus Airteagail 56 agus 57 de Rialachán (AE) 2023/1114

    e. sonraí, toirt agus líon na ARTanna a eisítear;

    f. cé acu a ligtear nó nach ligtear na ARTanna a eisítear isteach chun a dtrádála;

    g. an sásra comhthola a úsáidtear chun na ARTanna a eisiúint agus a bhailíochtú;

    h. cineál agus castacht na ngníomhaíochtaí gnó uile;

    i. an cineál gníomhaíochtaí údaraithe agus na seirbhísí a dhéantar;

    j. cibé an gcuirtear gníomhaíochtaí trasteorann ar fáil agus méid na n-oibríochtaí i ngach dlínse;

k. méid an chúlchiste sócmhainní;

l. cineál agus castacht na sócmhainní dá dtagraítear comhartha;

m. cibé acu is sealbhóirí miondíola iad sealbhóirí ART nó nach iad;

n. úsáid soláthraithe seirbhíse tríú páirtí;

o. na bealaí dáileacháin a úsáidtear, lena n-áirítear na bealaí sin a chuirtear ar fáil ag soláthraithe seirbhíse tríú páirtí; agus

p. na córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) atá ann cheana, lena n-áirítear bearta leanúnachais gnó agus úsáid eintiteas TFC tríú páirtí dá dtagraítear i mír 5, an chéad fhomhír, pointe (h), Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2023/1114.

16. Ba cheart socruithe malartacha a bheith i bhfeidhm ag eisitheoirí ARTanna atá á mbainistiú ag duine nádúrtha aonair lena n-áirithítear bainistíocht fhónta stuama eisitheoirí den sórt sin agus breithniú leordhóthanach ar shocruithe rialachais lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh maidir le srianta agus ceartúcháin leordhóthanacha sa chinnteoireacht.

# Teideal II – Ról agus comhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta

## 1. Ról agus freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta

17. I gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2023/1114, ní mór do chomhlacht bainistíochta eisitheora ARTanna cur chun feidhme socruithe rialachais fónta a shainiú, a mhaoirsiú agus a bheith cuntasach as a gcur chun feidhme, ar socruithe iad lena n-áirithítear bainistiú éifeachtach stuama an eisitheora agus leas shealbhóirí ART lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus coinbhleachtaí leasa laistigh d'eisitheoir ARTanna a shainaithint, a chosc agus a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2023/1114.

18. Ba cheart dualgais an chomhlachta bainistíochta a shainiú go soiléir, agus idirdhealú á dhéanamh, i gcás inarb infheidhme, idir dualgais na feidhme bainistíochta (feidhmiúcháin) agus dualgais na feidhme maoirseachta (neamhfheidhmiúcháin). Ba cheart cur síos a dhéanamh ar fhreagrachtaí agus ar dhualgais an chomhlachta bainistíochta i ndoiciméad scríofa agus ba cheart don chomhlacht bainistíochta an doiciméad sin a fhormheas go cuí. Ba cheart do chomhaltaí uile an chomhlachta bainistíochta a bheith go hiomlán ar an eolas faoi struchtúr agus freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta agus, i gcás inarb infheidhme, faoi roinnt na gcúraimí idir feidhmeanna éagsúla an chomhlachta bainistíochta.

19. I gcás inarb infheidhme, ba cheart don chomhlacht bainistíochta idirghníomhú go héifeachtach dó ina fheidhm mhaoirseachta agus ina fheidhm bhainistíochta. Ba cheart go soláthródh an dá fheidhm dóthain faisnéise dá chéile chun cur ar a gcumas a róil faoi seach a chomhlíonadh. Chun go mbeidh srianta agus ceartúcháin iomchuí i bhfeidhm, níor cheart comhalta aonair ná

fothacar beag dá chomhaltaí a bheith i gceannas ar chinnteoireacht laistigh den chomhlacht bainistíochta.

20. Ba cheart go n-áireofaí ar fhreagrachtaí an chomhlachta bainistíochta ar a laghad cur chun feidhme, socrú, formheas agus maoirsiú na nithe seo a leanas:

   a. an straitéis fhoriomlán ghnó agus príomhbheartais an eisitheora laistigh den chreat dlíthiúil agus rialála is infheidhme, agus leasanna airgeadais fadtéarmacha agus sócmhainneacht agus leas sealbhóirí ARTanna an eisitheora á gcur san áireamh.

   b. na beartais a cheanglaítear faoi Airteagal 34(5) de Rialachán (AE) 2023/1114; ba cheart na beartais sin a bheith comhsheasmhach le hinghlacthacht riosca agus lamháltas riosca an eisitheora agus leis na saintréithe, le riachtanais chliaint an eisitheora ARTanna a dtairgfear dóibh iad agus lena sealbhóirí ionchasacha;

   c. eagrúchán an eisitheora chun ARTanna a eisiúint ina sonraítear na scileanna, an t-eolas agus an saineolas a theastaíonn ón bhfoireann agus na hacmhainní is gá;

   d. an straitéis riosca fhoriomlán, fonn riosca an eisitheora agus a chreat bainistíochta riosca, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha, agus an timpeallacht mhaicreacnamaíoch agus an timthriall gnó á gcur san áireamh, agus rannpháirtíocht an chomhlachta bainistíochta i saincheisteanna bainistíochta riosca á sonrú;

   e. creat rialaithe inmheánaigh atá leordhóthanach agus éifeachtach, lena n-áirítear creat bainistithe riosca agus sásraí rialaithe inmheánaigh atá ag feidhmiú go maith, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais rialála is infheidhme, lena n-áirítear maidir le cúlchistí sócmhainní a bhainistiú;

   f. beartas luacha saothair d'eisitheoirí ARTanna suntasacha atá i gcomhréir le hAirteagal 45(1) de Rialachán (AE) 2023/1114[6];

   g. na beartais agus na nósanna imeachta chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh, i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2023/1114[7];

[6] Féach na caighdeáin theicniúla rialála maidir le hinneachar íosta na socruithe rialachais i dtaca leis an mbeartas luacha saothair d'eisitheoirí ARTanna suntasacha i gcomhréir le hAirteagal 45(7)(a) de Rialachán (AE) 2023/1114.

[7] Féach na caighdeáin theicniúla rialála maidir le coinbhleacht leasa faoi Airteagal 32(5) de Rialachán (AE) 2023/1114.

h. socruithe arb é is aidhm dóibh a áirithiú go ndéantar measúnuithe oiriúnachta aonair agus comhchoiteanna an chomhlachta bainistíochta go héifeachtach, go bhfuil comhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta iomchuí, agus go gcomhlíonann an comhlacht bainistíochta a fheidhmeanna go héifeachtach;

i. cultúr i leith riosca i gcomhréir le Teideal IV Roinn 7 lena dtugtar aghaidh ar fheasacht riosca agus iompraíocht glactha riosca eisitheoir ARTanna;

j. cultúr corparáideach agus luachanna corparáideacha i gcomhréir le Teideal IV Roinn 8 lena gcothaítear iompar freagrach eiticiúil, lena n-áirítear cód iompair nó ionstraim chomhchosúil;

k. socruithe a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras cuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais a áirithiú, lena n-áirítear rialuithe airgeadais agus oibriúcháin agus comhlíonadh an dlí agus na gcaighdeán ábhartha.

21. Agus cur chun feidhme na ngnéithe a liostaítear i mír 20 á bhunú, á fhormheas agus á mhaoirsiú aige, ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go gcuirfear san áireamh sa tsamhail ghnó agus sna socruithe rialachais na rioscaí uile a bhfuil eisitheoir ARTanna neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh eisitheoir ARTanna a bheith neamhchosanta orthu agus na rioscaí a bhaineann leo nó a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo do dhaoine eile agus don chomhshaol. Chun na críche sin, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna na tosca riosca ábhartha uile a chur san áireamh freisin, lena n-áirítear tosca riosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) agus breithniú a dhéanamh ar na tionchair ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a eascraíonn as ídiú fuinnimh na sásraí comhthola agus bailíochtaithe a úsáidtear. I measc na bhfachtóirí riosca ESG eile ba cheart a mheas tá rioscaí dlíthiúla i réimse dhlí an chonartha nó dhlí an tsaothair, rioscaí a bhaineann le sáruithe féideartha ar chearta an duine nó tosca riosca ESG eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don tír ina bhfuil soláthraí seirbhíse tríú páirtí lonnaithe agus a chumas na leibhéil seirbhíse chomhaontaithe a sholáthar.

22. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas nochta, go háirithe mar a shainordaítear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2023/1114, agus ar chumarsáid le páirtithe leasmhara seachtracha agus le húdaráis inniúla.

23. Ba cheart gach comhalta den chomhlacht bainistíochta a chur ar an eolas faoi ghníomhaíocht fhoriomlán, staid airgeadais agus riosca an eisitheora ARTanna, agus an timpeallacht eacnamaíoch agus an timthriall gnó á gcur san áireamh, agus freisin faoi aon chinntí a dhéantar a bhfuil tionchar mór acu ar eisiúint ARTanna nó ar ghníomhaíochtaí gnó ábhartha eile.

24. Féadfaidh comhalta den chomhlacht bainistíochta a bheith freagrach as feidhm rialaithe inmheánaigh dá dtagraítear i dTeideal V, ar choinníoll nach bhfuil sainorduithe eile ag an gcomhalta a chuirfeadh isteach ar ghníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh an chomhalta agus ar neamhspleáchas na feidhme rialaithe inmheánaigh.

25. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta faireachán a dhéanamh, athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar aon laigí a shainaithnítear maidir le cur chun feidhme próiseas, straitéisí agus beartas a bhaineann leis na freagrachtaí a liostaítear sa roinn seo. Ba cheart an creat rialachais agus a chur chun feidhme a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tréimhsiúil, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh, mar a shonraítear tuilleadh i dTeideal I. Ba cheart athbhreithniú ní ba dhoimhne a dhéanamh i gcás ina ndéanfadh athruithe ábhartha difear d'eisitheoir ARTanna.

26. I gcás inar daoine dlítheanacha iad eisitheoirí ARTanna arna mbainistiú ag duine nádúrtha aonair i gcomhréir lena rialacha bunaitheacha agus lena ndlíthe náisiúnta, ba cheart na tagairtí sna treoirlínte seo do chomhlacht bainistíochta a fhorléiriú mar thagairtí a bhfuil feidhm acu maidir leis an duine aonair atá freagrach as socruithe malartacha a chur chun feidhme chun bainistiú fónta stuama eisitheora den sórt sin agus aird leordhóthanach ar shocruithe rialachais a áirithiú.

## 2. Feidhm bhainistíochta an chomhlachta bainistíochta

27. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta, agus é i mbun a fheidhme bainistíochta, páirt ghníomhach a ghlacadh i ngnó eisitheoir ARTanna agus ba cheart dó cinntí a dhéanamh ar bhonn fónta agus eolasach.

28. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta a bheith freagrach as cur chun feidhme na straitéisí agus na mbeartas atá leagtha amach ag an gcomhlacht bainistíochta agus ba cheart dó cur chun feidhme agus oiriúnacht na straitéisí agus na mbeartas sin a phlé go rialta leis an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta. Féadfaidh eisitheoirí chomhlacht bainistíochta ARTanna an cur chun feidhme oibríochtúil a dhéanamh.

29. Ba cheart do chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta dúshlán cuiditheach a thabhairt agus athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar na tairiscintí, na mínithe agus an fhaisnéis a bhfaigheann an fhoireann í agus a breithiúnas á fheidhmiú acu agus cinntí á ndéanamh acu.

30. I gcás inarb infheidhme, ba cheart don chomhlacht bainistíochta, ina fheidhm bhainistíochta, an fhaisnéis ábhartha uile ar ghá a chur in iúl agus a thuairisciú go tráthrialta, go tráthúil agus go cuimsitheach don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta chun a dhualgais a chomhlíonadh, lena n-áirítear na rioscaí agus na forbairtí eile a dhéanann difear do ghnó eisitheoir ARTanna, e.g. cinntí ábhartha maidir le gníomhaíochtaí gnó, a eagrú agus a bhunteicneolaíochtaí, rioscaí a ghlactar agus comhlíonadh na hinghlacthachta riosca agus na straitéise riosca, rioscaí ML-TF, teagmhais agus tuairisciú TFC, caillteanais riosca oibriúcháin ábhartha, leachtacht agus cúlchiste sócmhainní agus a mbainistiú.

## 3. Feidhm mhaoirseachta an chomhlachta bainistíochta

31. Gan dochar do na freagrachtaí a shanntar faoin dlí náisiúnta cuideachtaí is infheidhme, ba cheart don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta an méid seo a leanas a dhéanamh:

a. maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chinnteoireacht agus ar ghníomhaíochtaí bainistíochta agus maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta, lena n-áirítear faireachán agus grinnscrúdú a dhéanamh ar a fheidhmíocht aonair agus chomhchoiteann agus ar shocrú agus ar chur chun feidhme straitéis agus chuspóirí eisitheoir na ARTanna;

b. dúshlán cuiditheach agus athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar thograí agus ar fhaisnéis arna soláthar ag comhaltaí den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta, chomh maith lena chinntí;

c. éifeachtacht chreat rialachais eisitheoirí ARTanna a áirithiú agus a mheasúnú go tréimhsiúil agus bearta iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh a shainaithnítear;

d. maoirseacht agus faireachán a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirtear cuspóirí straitéiseacha, struchtúr eagraíochtúil agus straitéis riosca an eisitheora, a chreat inghlacthachta riosca agus bainistíochta riosca, chomh maith le beartais eile (e.g. beartas infheistíochta maidir leis an gcúlchiste sócmhainní) chun feidhme go comhsheasmhach;

e. faireachán a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirtear cultúr riosca eisitheoir ARTanna chun feidhme go comhsheasmhach;

f. maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme, nuashonrú agus cur i bhfeidhm éifeachtach na mbeartas agus na nósanna imeachta chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh, i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2023/1114;[8]

g. maoirseacht a dhéanamh ar shláine na faisnéise agus an tuairiscithe airgeadais, agus ar an gcreat rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear creat bainistíochta riosca atá éifeachtach agus fónta;

h. a áirithiú go mbeidh cinn feidhmeanna rialaithe inmheánaigh in ann gníomhú go neamhspleách agus, gan beann ar an bhfreagracht tuairisciú do chomhlachtaí inmheánacha eile, do línte gnó eile nó d'aonaid inmheánacha eile, gur féidir leo ábhair imní a chur in iúl agus rabhadh a thabhairt go díreach don chomhlacht bainistíochta maidir lena fheidhm mhaoirseachta, i gcás inar gá, nuair a dhéanann forbairtí

[8] Féach na caighdeáin theicniúla rialála maidir le coinbhleacht leasa faoi Airteagal 32(5) de Rialachán (AE) 2023/1114.

díobhálacha riosca difear d’eisitheoir ARTanna nó nuair a d’fhéadfadh siad difear a dhéanamh dóibh; agus

i. cur chun feidhme an phlean iniúchóireachta inmheánaí a shocrú agus faireachán a dhéanamh air.

# Teideal III – Creat rialachais

## 4. Creat agus struchtúr eagrúcháin

### 4.1 An creat eagrúcháin

32. Ba cheart do chomhlacht bainistíochta eisitheora ARTanna struchtúr eagraíochtúil agus oibríochtúil atá oiriúnach agus trédhearcach a áirithiú don eisitheoir ARTanna sin agus ba cheart tuairisc i scríbhinn a bheith aige air. Ba cheart don struchtúr bainistíocht éifeachtach stuama eisitheoir na ARTanna agus an ghrúpa a chur chun cinn agus a léiriú, i gcás inarbh infheidhme.

33. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go bhfuil na hacmhainní iomchuí airgeadais agus daonna ag na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh chomh maith leis na cumhachtaí chun a ról a chomhlíonadh go héifeachtach. Ar a laghad, ba cheart feidhm an chomhlíonta a fheidhmiú go neamhspleách, lena n-áireofaí cúraimí a leithscaradh go hiomchuí. Ba cheart na línte tuairiscithe agus leithdháileadh na bhfreagrachtaí a bheith soiléir, dea-shainithe, comhleanúnach, infhorfheidhmithe agus doiciméadaithe go cuí. Ba cheart an doiciméadacht a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is cuí.

34. Níor cheart go gcuirfeadh struchtúr an eisitheora ARTanna bac ar chumas an chomhlachta bainistíochta maoirseacht agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar a rioscaí nó go mbeadh an grúpa, i gcás inarb infheidhme, neamhchosanta ar an údarás inniúil nó ar chumas an údaráis inniúil maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar eisitheoir ARTanna.

35. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil tionchar ag athruithe ábhartha ar struchtúr an ghrúpa i gcás inarb infheidhme (e.g. fochuideachtaí, cumaisc agus éadálacha nua a bhunú, codanna den ghrúpa a dhíol nó a fhoirceannadh, nó forbairtí seachtracha) ar fhóntacht chreat eagraíochtúil an eisitheora ART. I gcás ina sainaithnítear laigí, ba cheart don chomhlacht bainistíochta aon choigeartuithe is gá a dhéanamh go tapa.

### 4.2 Bíodh do struchtúr ar eolas agat

36. Ba cheart go mbeadh eolas agus tuiscint iomlán ag an gcomhlacht bainistíochta ar struchtúr dlíthiúil, eagraíochtúil agus oibríochtúil eisitheoir ARTanna (“bíodh aithne agat ar do struchtúr”) agus ba cheart dó a áirithiú go bhfuil sé i gcomhréir lena straitéis ghnó agus riosca fhormheasta agus lena inghlacthacht riosca agus go gcumhdaítear é lena chreat bainistithe riosca.

37. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go bhfuil struchtúr eisitheora ARTanna agus, i gcás inarb infheidhme, na struchtúir laistigh de ghrúpa soiléir, éifeachtúil agus trédhearcach don fhoireann, do na scairshealbhóirí agus do gheallsealbhóirí eile agus don údarás inniúil.

38. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta struchtúr eisitheoir ARTanna, a éabhlóid agus a theorainneacha a threorú agus ba cheart dó a áirithiú go bhfuil údar cuí leis an struchtúr agus go bhfuil sé éifeachtúil agus nach mbaineann castacht iomarcach ná mhíchuí leis.

39. Nuair a bhíonn struchtúir den sórt sin á mbunú, ba cheart don chomhlacht bainistíochta na struchtúir sin a thuiscint mar aon leis an gcuspóir atá leo agus na rioscaí ar leith a bhaineann leo agus ba cheart dó a áirithiú go mbeidh na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh rannpháirteach go hiomchuí. Níor cheart struchtúir den sórt sin a fhormheas agus a chothabháil ach amháin nuair a bheidh a gcuspóir sainithe agus intuigthe go soiléir, agus nuair atá an comhlacht bainistíochta sásta gur sainaithníodh na rioscaí ábhartha uile, lena n-áirítear rioscaí do chlú, gur féidir na rioscaí go léir a bhainistiú go héifeachtach agus a thuairisciú go hiomchuí, agus gur áirithíodh maoirseacht éifeachtach. Dá chasta an struchtúr eagraíochtúil agus oibríochtúil, agus dá mhéad na rioscaí, is ea is déine ba cheart maoirseacht a dhéanamh ar an struchtúr.

40. Ba cheart d’eisitheoir ARTanna torthaí measúnaithe riosca a rinneadh a chur san áireamh ina gcinnteoireacht chun a shainaithint an bhféadfaí struchtúir den sórt sin a úsáid chun críche a bhaineann le ML/TF nó le coireacht airgeadais eile chun a áirithiú nach mbeidh an t-eisitheoir nó an earnáil neamhchosanta ar riosca tromchúiseach ML/TF. Chuige sin, ba cheart d’eisitheoirí ARTanna an méid seo a leanas ar a laghad a chur san áireamh:

    a. a mhéid a chomhlíonann an dlínse, ina mbunófar an struchtúr, go héifeachtach caighdeáin an Aontais agus caighdeáin idirnáisiúnta maidir le trédhearcacht cánach, frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac;

    b. a mhéid atá an struchtúr ag feidhmiú mar chuspóir soiléir eacnamaíoch agus dleathach;

    c. a mhéid a d’fhéadfaí an struchtúr a úsáid chun céannacht an úinéara thairbhiúil deiridh a cheilt;

    d. a mhéid is ábhar imní an chúis as a dtagann bunú féideartha struchtúir;

    e. cibe an bhféadfadh an struchtúr bac a chur ar fhormhaoirseacht iomchuí ag comhlacht bainistíochta an eisitheora ART nó ar chumas an eisitheora an riosca gaolmhar a bhainistiú; agus

    f. cibé acu an gcruthaíonn nó nach gcruthaíonn an struchtúr bacainní ar mhaoirseacht éifeachtach a bheith á déanamh ag údaráis inniúla.

41. I gcás ar bith, níor cheart d'eisitheoirí ARTanna struchtúir theimhneacha ná struchtúir chasta nach bhfuil gá leo a chur ar bun nach bhfuil aon chuspóir soiléir réasúnach ná dlíthiúil acu, ná struchtúir a d'fhéadfadh a bheith ina n-údair imní go bhféadfaí iad sin a chruthú chun críche a bhaineann le coireacht airgeadais.

42. Ba cheart d'eisitheoirí ART a gcinntí a dhoiciméadú agus a bheith in ann údar a thabhairt lena gcinntí d'údaráis inniúla.

43. Ba cheart go mbeadh na struchtúir agus na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear a gcomhlíonadh le reachtaíocht agus caighdeáin ghairmiúla, faoi réir athbhreithniú rialta. Sa chás go mbunaítear feidhm iniúchóireachta inmheánaí, ba cheart don fheidhm sin an t-athbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige rioscabhunaithe.

## 5. Creat eagrúcháin i gcomhthéacs grúpa

44. I gcás inarb infheidhme, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna a áirithiú go bhfuil socruithe, próisis agus sásraí rialachais comhsheasmhach agus comhtháite go maith ar bhonn grúpa ar fad. Chuige sin, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna a áirithiú gur cheart dá bhfochuideachtaí atá faoi réir Rialachán (AE) 2023/1114 socruithe, próisis agus sásraí comhchosúla a chur chun feidhme chun socruithe láidre rialachais a áirithiú ar bhonn uile-ghrúpa. Ba cheart d'fheidhmeanna inniúla laistigh d'eisitheoir ARTanna agus dá fhochuideachtaí atá faoi réir Rialachán (AE) 2023/1114 sonraí agus faisnéis a idirghníomhú agus a mhalartú de réir mar is iomchuí.

45. Cé go bhféadfar beartais agus doiciméadacht a áireamh i ndoiciméid ar leithligh, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna breithniú a dhéanamh ar iad a chomhcheangal nó tagairt a dhéanamh dóibh i gcreatdoiciméad rialachais aonair.

## 6. Seachfhoinsiú[9]

46. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta beartas seachfhoinsithe eisitheora ARTanna a fhormheas agus a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta, lena n-áiritheofar go gcuirfear athruithe iomchuí chun feidhme go tráthúil.

47. Ba cheart breithniú a dhéanamh sa bheartas seachfhoinsithe ar an tionchar atá ag úsáid an tseachfhoinsithe ar ghnó eisitheora ARTanna agus ar na rioscaí atá roimhe (amhail rioscaí oibriúcháin, lena n-áirítear rioscaí dlíthiúla, rioscaí do chlú, agus rioscaí comhchruinnithe).

48. Ba cheart a áireamh sa bheartas na socruithe tuairiscithe agus faireacháin atá le cur chun feidhme ó thionscnamh go deireadh socruithe seachfhoinsithe (lena n-áirítear an próiseas

[9] Ba cheart an roinn seo a léamh in éineacht le Roinn 12.3 de na treoirlínte seo nuair is infheidhme. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna tagairt a dhéanamh, a mhéid is infheidhme, do threoirlínte ÚBE maidir le seachfhoinsiú, agus cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta á chur san áireamh.

díchill chuí agus measúnú riosca, bainistiú agus faireachán an tsocraithe, an foirceannadh, pleananna teagmhais agus straitéisí scoir).

49. Ní féidir freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta a tharmligean mar thoradh ar sheachfhoinsiú feidhmeanna. Leanann eisitheoir ARTanna de bheith freagrach agus cuntasach go hiomlán as gach seirbhís agus gníomhaíocht sheachfhoinsithe agus gach cinneadh bainistíochta a eascraíonn astu. Dá réir sin, ba cheart é a bheith soiléir ón mbeartas seachfhoinsithe nach scaoilfí eisitheoir ARTanna óna oibleagáidí dlíthiúla agus rialála tríd an seachfhoinsiú.

50. Ba cheart a lua sa bheartas nár cheart go gcuirfeadh socruithe seachfhoinsithe bac ar mhaoirseacht éifeachtach ar an láthair nó lasmuigh den láthair ar eisitheoir ARTanna agus nár cheart go sáróidís aon srianta maoirseachta ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí. Ba cheart socruithe seachfhoinsithe inghrúpa a chumhdach leis an mbeartas freisin agus aon imthosca sonracha grúpa a chur san áireamh i gcás inarb iomchuí.

51. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna substaint leordhóthanach a choinneáil i gcónaí agus gan bheith ina "gcuideachtaí caocha fholmha" ná ina "n-eintitis bosca poist." Chuige sin, ba cheart dóibh an méid seo a leanas a dhéanamh:

    a. comhlíonfaidh sé coinníollacha uile a n-údaraithe i gcónaí, lena n-áirítear an comhlacht bainistíochta a chomhlíonann a fhreagrachtaí go héifeachtach mar a leagtar amach i Roinn I de na treoirlínte seo;

    b. creat agus struchtúr eagraíochtúil atá soiléir agus trédhearcach a choinneáil a chuireann ar a gcumas comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil agus rialála dá dtagraítear i Roinn 4 a áirithiú;

    c. i gcás ina ndéantar cúraimí oibríochtúla a bhaineann le feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a sheachfhoinsiú, formhaoirseacht iomchuí a dhéanamh agus a bheith in ann na rioscaí a ghintear trí fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a sheachfhoinsiú a bhainistiú; agus

    d. beidh acmhainní agus cumais leordhóthanacha acu chun comhlíonadh phointí (a) go (c) a áirithiú.

# Teideal IV – Cultúr riosca agus iompar gnó

## 7. An cultúr riosca

52. Ba cheart cultúr riosca atá fónta, dícheallach agus comhsheasmhach a bheith ina phríomhghné d'eisitheoirí ARTanna bainistíocht riosca éifeachtach agus ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas na n-eisitheoirí sin cinntí fónta agus eolasacha a dhéanamh atá comhsheasmhach lena straitéis riosca agus lena bhfonn riosca.

53. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna cultúr riosca comhtháite agus uile-fhiontair a fhorbairt, bunaithe ar thuiscint iomlán agus léargas iomlánaíoch ar na rioscaí a bhfuil siad neamhchosanta orthu nó a bhféadfaidís a bheith neamhchosanta orthu, lena n-áirítear rioscaí ESG, na rioscaí do shealbhóirí sócmhainní, do mhargaí, rioscaí oibríochtúla, rioscaí ML-FT, rioscaí leachtachta agus na rioscaí a bhaineann le sócmhainní an chúlchiste a infheistiú, an riosca d'eisitheoir ARTanna féin agus an chaoi a mbainistítear iad, agus lamháltas riosca eisitheoir ARTanna, agus na coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar idirnascthacht gníomhaithe san éiceachóras criptea-airgeadra á gcur san áireamh.

54. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna cultúr riosca a fhorbairt trí bheartais, cumarsáid agus oiliúint foirne maidir le gníomhaíochtaí, straitéis agus próifíl riosca eisitheoir ARTanna, agus ba cheart dóibh oiliúint chumarsáide agus foirne a oiriúnú chun freagrachtaí na foirne maidir le dul i riosca agus bainistiú riosca a chur san áireamh.

55. Ba cheart don fhoireann a bheith láneolach ar na freagrachtaí atá orthu maidir le bainistiú riosca. Níor cheart go mbeadh bainistiú riosca teoranta do speisialtóirí riosca ná d'fheidhmeanna rialaithe inmheánaigh. Ba cheart go mbeadh línte nó aonaid ghnó, faoi mhaoirseacht an chomhlachta bainistíochta, freagrach go príomha as rioscaí a bhainistiú ar bhonn laethúil i gcomhréir le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe eisitheoirí ARTanna, agus lamháltas agus inghlacthacht riosca eisitheoir ARTanna á gcur san áireamh.

56. Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh i gcultúr riosca láidir, ach ní gá go mbeidís teoranta dóibh:

    a. Teachtaireacht ón mbainistíocht shinsearach: ba cheart don chomhlacht bainistíochta a bheith freagrach as croíluachanna agus ionchais an eisitheora a shocrú agus a chur in iúl. Ba cheart go léireofaí iompar a chomhaltaí sna luachanna sin. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta cur le cumarsáid inmheánach na gcroíluachanna agus na n-ionchas leis an bhfoireann. Ba cheart don fhoireann gníomhú di i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin uile is infheidhme agus neamhchomhlíonadh breathnaithe a ghéarú go pras laistigh den eisitheoir nó lasmuigh de (e.g. don údarás inniúil trí phróiseas sceithireachta).

    b. Cuntasacht: ba cheart go mbeadh croíluachanna eisitheoir na ARTanna ar eolas ag an bhfoireann ábhartha ar gach leibhéal agus go dtuigfidís iad agus, a mhéid is gá dá ról agus dá lamháltas riosca agus dá inghlacthacht. Ba cheart dóibh a bheith in ann a róil a chomhlíonadh agus a bheith ar an eolas go dtabharfar chun cuntais iad as a ngníomhaíochtaí i ndáil le hiompraíocht glactha riosca eisitheoir ARTanna.

    c. Cumarsáid éifeachtach agus dúshlán éifeachtach: ba cheart do chultúr fónta riosca timpeallacht cumarsáide oscailte agus dúshlán éifeachtach a chur chun cinn ina spreagann próisis chinnteoireachta raon leathan tuairimí, ina gceadaítear tástáil a dhéanamh ar chleachtais reatha, ina spreagtar dearcadh criticiúil cuiditheach i measc

na foirne agus ina gcuirtear timpeallacht rannphháirtíochta oscailte agus cuidithí chun cinn ar fud na heagraíochta ar fad.

d. Dreasachtaí: ba cheart ról lárnach a bheith ag dreasachtaí iomchuí maidir le hiompraíocht glactha riosca a ailíniú le próifíl riosca eisitheoir ARTanna agus lena leasanna fadtéarmacha, go háirithe i gcás eisitheoirí ARTanna suntasacha.

## 8. Luachanna corparáideacha agus cód iompair

57. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta ardchaighdeáin eiticiúla agus ghairmiúla a fhorbairt, a ghlacadh, cloí leo agus iad a chur chun cinn, agus riachtanais agus saintréithe sonracha eisitheoir na ARTanna á gcur san áireamh, agus ba cheart dó cur chun feidhme na gcaighdeán sin a áirithiú (trí chód iompair nó ionstraim chomhchosúil). Ba cheart dó maoirseacht a dhéanamh freisin ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin ag an bhfoireann. I gcás inarb infheidhme, féadfaidh an comhlacht bainistíochta caighdeáin uile-ghrúpa eisitheoir ARTanna nó comhchaighdeáin arna n-eisiúint ag comhlachais nó ag eagraíochtaí ábhartha eile a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

58. Ba cheart d’eisitheoirí ARTanna a áirithiú nach ndéantar aon idirdhealú i gcoinne na foirne bunaithe ar inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teangacha, reiligiún ná creideamh, tuairim pholaitiúil ná aon tuairim eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois ná gnéaschlaonadh.

59. Ba cheart beartais eisitheoirí ARTanna suntasacha a bheith inscne-neodrach[10]. Áirítear leis sin luach saothair, beartais earcaíochta, pleananna forbartha gairme agus comharbais, rochtain ar oiliúint agus an cumas iarratas a dhéanamh ar fholúntais inmheánacha, ach níl sé teoranta dóibh sin amháin. Ba cheart d’eisitheoirí ARTanna comhdheiseanna[11] a áirithiú don fhoireann uile gan beann ar a n-inscne, lena n-áirítear maidir le peirspictíochtaí gairme, agus ba cheart é a bheith mar aidhm acu ionadaíocht na hinscne tearcionadaithe i bpoist laistigh den chomhlacht bainistíochta a fheabhsú. Ba cheart d’eisitheoir ARTanna suntasacha faireachán a dhéanamh ar an treocht sa bhearna phá idir na hinscní.

60. Ba cheart é a bheith d’aidhm ag na caighdeáin a chuirtear chun feidhme feabhas a chur ar shocruithe láidre rialachais eisitheoir na ARTanna agus an riosca ar a bhfuil an gnólacht neamhchosanta a laghdú, go háirithe rioscaí oibríochtúla agus rioscaí do chlú, a d’fhéadfadh drochthionchar suntasach a imirt ar bhrabúsacht agus ar inbhuanaitheacht eisitheoir ARTanna trí fhíneálacha, costais dlíthíochta, srianta arna bhforchur ag údaráis inniúla, pionóis airgeadais agus choiriúla eile, agus luach branda agus muinín infheisteoirí a chailleadh.

[10] Féach na caighdeáin theicniúla rialála maidir le hinneachar íosta na socruithe rialachais i dtaca leis an mbeartas luacha saothair d’eisitheoirí ARTanna suntasacha i gcomhréir le hAirteagal 45(7)(a) de Rialachán (AE) 2023/1114;

[11] Féach freisin Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha.

61. Ba cheart go mbeadh beartais shoiléire agus dhoiciméadaithe ag an gcomhlacht bainistíochta maidir le conas ba cheart na caighdeáin seo a comhlíonadh. Ba cheart do na beartais sin an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a. a mheabhrú don fhoireann gur cheart gníomhaíochtaí uile ARTanna an eisitheora a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus le luachanna corparáideacha an eisitheora;

   b. feasacht riosca a chur chun cinn trí chultúr láidir riosca i gcomhréir le Teideal IV, Roinn 7, ina gcuirtear in iúl go bhfuil an comhlacht bainistíochta ag súil nach rachaidh gníomhaíochtaí thar an inghlacthacht riosca shainithe agus na teorainneacha arna sainiú ag eisitheoir ARTanna agus freagrachtaí na foirne faoi seach;

   c. prionsabail a leagan amach agus samplaí a sholáthar d'iompraíochtaí inghlactha agus do-ghlactha a bhaineann go háirithe le míthuairisciú agus mí-iompar airgeadais, coireacht eacnamaíoch agus airgeadais lena n-áirítear calaois, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (ML/TF), cleachtais in aghaidh trustaí, smachtbhannaí airgeadais, breabaireacht agus éilliú, cúbláil mhargaidh, mídhíol agus sáruithe eile ar dhlíthe cosanta tomhaltóirí, cionta cánach, cibé acu a dhéantar iad go díreach nó go hindíreach, ach gan a bheith teoranta dóibh sin;

   d. a shoiléiriú, chomh maith le ceanglais dhlíthiúla agus rialála agus beartais inmheánacha a chomhlíonadh, go bhfuiltear ag súil go n-iompróidh an fhoireann iad féin le macántacht agus ionracas agus go gcomhlíonfaidh siad a ndualgais leis an scil, an cúram agus an dúthracht chuí; agus

   e. a áirithiú go bhfuil comhaltaí foirne ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí araíonachta inmheánacha agus seachtracha, na gníomhartha dlí agus na smachtbhannaí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar mhí-iompar agus iompar do-ghlactha.

62. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin agus feasacht na foirne a áirithiú, e.g. trí oiliúint a chur ar fáil.

# Teideal V – Creat agus sásraí rialaithe inmheánaigh

## 9. Creat rialaithe inmheánaigh

63. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna cultúr a fhorbairt agus a choinneáil ar bun lena spreagtar dearcadh dearfach i leith rialú agus comhlíonadh riosca laistigh den eisitheoir agus creat rialaithe inmheánaigh atá láidir agus cuimsitheach. Faoin gcreat sin, ba cheart d'eisitheoirí línte gnó nó aonaid inmheánaigh ARTanna a bheith freagrach as bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a thabhaíonn siad agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu agus ba cheart rialuithe a bheith i bhfeidhm acu arb é is aidhm dóibh comhlíonadh ceanglas inmheánach agus seachtrach a áirithiú. Mar chuid den chreat sin, ba cheart feidhm an chomhlíonta inmheánach bhuan agus éifeachtach a bheith ag eisitheoirí ARTanna ag a bhfuil údarás, stádas agus rochtain iomchuí agus leordhóthanach ar an gcomhlacht bainistíochta chun a mhisean a chomhlíonadh, mar aon le creat bainistíochta riosca. I gcás ina bhfuil sé comhréireach, agus na critéir a liostaítear i dTeideal I á gcur san áireamh, ba cheart feidhm inmheánach bainistíochta riosca agus iniúchóireachta a bheith ag eisitheoirí ART. I gcás ar bith, ba cheart d'eisitheoir ARTanna beartais agus nósanna imeachta iomchuí bainistíochta riosca agus iniúchóireachta a bheith i bhfeidhm aige.

64. Ba cheart creat rialaithe inmheánaigh eisitheoirí ARTanna lena mbaineann a oiriúnú ar bhonn aonair do shainiúlacht a ghnó, dá chastacht agus do na rioscaí gaolmhara, agus comhthéacs an ghrúpa á chur san áireamh, i gcás inarb infheidhme. Laistigh de chomhthéacs grúpa, ba cheart d'eisitheoir ARTanna lena mbaineann malartú na faisnéise is gá a eagrú ar bhealach lena n-áirithítear go mbeidh gach comhlacht bainistíochta, gach réim ghnó agus gach aonad inmheánach, lena n-áirítear gach feidhm rialaithe inmheánaigh, in ann a dhualgais a chur i gcrích.

65. Ba cheart go gcumhdófaí leis an gcreat rialaithe inmheánaigh an eagraíocht ina hiomláine, lena n-áirítear freagrachtaí agus cúraimí an chomhlachta bainistíochta, agus gníomhaíochtaí na línte gnó agus na n-aonad inmheánach uile, lena n-áirítear feidhmeanna rialaithe inmheánaigh, úsáid soláthraithe tríú páirtí agus bealaí dáileacháin.

66. Le creat rialaithe inmheánaigh eisitheora ARTanna, ba cheart an méid seo a leanas a áirithiú:

   a. oibríochtaí éifeachtacha agus éifeachtúla lena n-áirítear maidir le heisiúint ARTanna;

   b. sainaithint, tomhas agus maolú leordhóthanach rioscaí, lena n-áirítear riosca oibriúcháin agus riosca a bhaineann le TFC i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554;

   c. iontaofacht na faisnéise airgeadais agus neamhairgeadais a thuairiscítear go hinmheánach agus go seachtrach araon;

   d. nósanna imeachta fónta riaracháin agus cuntasaíochta; agus

e. comhlíonadh dlíthe, rialachán, ceanglas maoirseachta agus beartais, próisis, rialacha agus cinntí inmheánacha eisitheoir ARTanna.

## 10. Creat rialaithe inmheánaigh a chur chun feidhme

67. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a bheith freagrach as leordhóthanacht agus éifeachtacht an chreata rialaithe inmheánaigh, na bpróiseas agus na sásraí a bhunú agus faireachán a dhéanamh orthu, agus as maoirseacht a dhéanamh ar gach líne ghnó agus ar gach aonad inmheánach, lena n-áirítear feidhmeanna rialaithe inmheánaigh (amhail comhlíonadh, bainistiú riosca agus feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí i gcás ina bhfuil siad bunaithe). Ba cheart d'eisitheoir ARTanna beartais, sásraí agus nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh leordhóthanacha i scríbhinn a bhunú, a choinneáil ar bun agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, ar beartais, sásraí agus nósanna imeachta iad ba cheart don chomhlacht bainistíochta a fhormheas. I gcás nach mbunaítear aon fheidhm bainistíochta riosca, ba cheart don chomhlacht bainistíochta a bheith freagrach as nósanna imeachta agus beartais leordhóthanacha maidir le bainistiú riosca a bhunú, a thabhairt cothrom le dáta agus faireachán a dhéanamh orthu.

68. Ba cheart d'eisitheoir ARTanna próiseas cinnteoireachta soiléir, trédhearcach agus doiciméadaithe a bheith aige agus leithdháileadh soiléir freagrachtaí agus údaráis laistigh dá chreat rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear a línte gnó, a aonaid inmheánacha agus a fheidhmeanna rialaithe inmheánaigh.

69. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna na beartais, na sásraí agus na nósanna imeachta sin a chur in iúl don fhoireann ar fad agus gach uair a dhéantar athruithe ábhartha.

70. Ba cheart do na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a fhíorú go ndéantar na beartais, sásraí agus nósanna imeachta a leagtar amach sa chreat rialaithe inmheánaigh a chur chun feidhme i gceart ina réimsí inniúlachta faoi seach.

71. Ba cheart go gcuirfeadh feidhmeanna rialaithe inmheánaigh tuarascálacha i scríbhinn faoi bhráid an chomhlachta bainistíochta go rialta maidir le móreasnaimh a sainaithníodh. Ba cheart go n-áireofaí sna tuarascálacha sin, i gcás gach móreasnamh nua a shainaithneofar, na rioscaí ábhartha a bheidh i gceist, measúnú tionchair, moltaí agus bearta ceartaitheacha a bheidh le cur i gcrích. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta obair leantach a dhéanamh ar thorthaí na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh ar bhealach tráthúil agus éifeachtach agus bearta ceartaitheacha leordhóthanacha a éileamh. Ba cheart nós imeachta leantach foirmiúil a bhunú maidir leis na torthaí agus na bearta ceartaitheacha a cuireadh i gcrích.

## 11. Creat bainistíochta riosca

72. Mar chuid den chreat rialaithe inmheánaigh foriomlán, ba cheart creat bainistíochta riosca iomlánaíoch a bheith ag eisitheoirí ARTanna a shíneann thar a línte gnó agus a n-aonaid inmheánacha uile, lena n-áirítear feidhmeanna rialaithe inmheánaigh, lena n-aithnítear go hiomlán substaint eacnamaíoch a neamhchosaintí uile ar riosca, lena n-áirítear na rioscaí a

bhaineann le heisitheoir ARTanna dó féin, do shealbhóirí sócmhainní, rioscaí oibriúcháin agus rioscaí a eascraíonn as an gcúlchiste sócmhainní.

73. Leis an gcreat bainistíochta riosca, ba cheart é a chur ar a chumas d'eisitheoir ARTanna cinntí láneolasacha a dhéanamh maidir leis na rioscaí uile a bhfuil siad neamhchosanta orthu nó a bhféadfaidís a bheith neamhchosanta orthu, lena n-áirítear rioscaí TFC i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554 (DORA)[12] agus Roinn 12. Ba cheart don chreat bainistíochta riosca na rioscaí uile a chuimsiú, lena n-áirítear rioscaí iarbhír agus rioscaí amach anseo a bhféadfadh eisitheoir ARTanna a bheith neamhchosanta orthu. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí ón mbun aníos agus ón mbarr anuas, laistigh de línte gnó nó aonaid inmheánacha agus thar línte gnó nó aonad inmheánach trí úsáid a bhaint as téarmaíocht chomhsheasmhach agus modheolaíochtaí comhoiriúnacha ar fud eisitheoir ARTanna agus ar leibhéal comhdhlúite i gcás inarb infheidhme. Ba cheart na rioscaí ábhartha uile a chuimsiú sa chreat bainistíochta riosca agus aird iomchuí á tabhairt ar rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais araon, lena n-áirítear comhchruinniú, oibriúchán, TFC, clú, dlí, iompar agus rioscaí ESG. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca comhchruinnithe agus riosca leachtachta mar thoradh ar na cúlsócmhainní.

74. Ba cheart go n-áireofaí le creat bainistíochta riosca eisitheora ARTanna beartais, nósanna imeachta, teorainneacha riosca agus rialuithe riosca lena n-áirithítear sainaithint, tomhas nó measúnú atá leormhaith, tráthúil agus leanúnach, faireachán, bainistíocht, maolú agus tuairisciú na rioscaí ar an líne ghnó, aonaid inmheánacha, leibhéal eisitheora agus grúpa, i gcás inarb infheidhme.

75. Ba cheart d'eisitheoir creata bainistíochta riosca ARTanna treoraíocht shonrach a sholáthar maidir le straitéisí riosca a chur chun feidhme. Leis an treoir sin, ba cheart, i gcás inarb iomchuí, teorainneacha inmheánacha a bhunú agus a choinneáil ar bun i gcomhréir le lamháltas riosca agus inghlacthacht riosca an eisitheora agus ba cheart í a bheith i gcomhréir lena oibriú fónta, lena athléimneacht oibríochtúil, lena neart airgeadais, lena riachtanais leachtachta agus lena spriocanna straitéiseacha. Ba cheart próifíl riosca eisitheora ARTanna a choinneáil laistigh de na teorainneacha bunaithe. Ba cheart go n-áiritheofaí leis an gcreat bainistíochta riosca, aon uair a tharlaíonn sáruithe ar theorainneacha riosca, go bhfuil próiseas sainithe ann chun géarú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt orthu trí nós imeachta leantach iomchuí.

76. Ba cheart an creat bainistíochta riosca a bheith faoi réir athbhreithniú inmheánach neamhspleách, e.g. déanta ag an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí, agus ba cheart athmheasúnú a dhéanamh air go rialta i gcoinne an eisitheora ARTanna lamháltas riosca agus inghlacthacht riosca.

77. Ba cheart sásraí tuairiscithe rialta agus trédhearcacha a bhunú ionas go gcuirfear tuarascálacha ar fáil don chomhlacht bainistíochta agus do gach aonad ábhartha in eisitheoir ARTanna ar

[12] Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais: Oifig na bhFoilseachán (europa.eu)

bhealach tráthúil, cruinn, gonta, intuigthe agus fóinteach agus gur féidir leo faisnéis ábhartha a roinnt maidir le rioscaí a shainaithint, a thomhas nó a mheasúnú, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a bhainistiú. Ba cheart go mbeadh an creat tuairiscithe dea-shainithe agus doiciméadaithe.

78. Tá cumarsáid agus feasacht éifeachtach maidir le rioscaí agus an straitéis riosca ríthábhachtach don phróiseas bainistithe riosca ina iomláine, lena n-áirítear na próisis athbhreithnithe agus chinnteoireachta, agus cuidíonn sé le cosc a chur ar chinntí a d'fhéadfadh leibhéil riosca a mhéadú i ngan fhios dóibh. Is éard atá i gceist le tuairisciú éifeachtach ar riosca breithniú fónta inmheánach agus cur in iúl na straitéise riosca agus sonraí ábhartha maidir le riosca go cothrománach ar fud eisitheoir ARTanna agus suas agus síos an slabhra bainistíochta araon.

## 12. Bainistiú riosca oibriúcháin agus athléimneacht oibríochtúil

79. Ba cheart creat bainistíochta riosca oibríochtúil leormhaith agus creat athléimneachta oibríochtúla leormhaith a bheith ag eisitheoir ARTanna. Áirítear leis sin beartais agus próisis éifeachtacha chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a. riosca oibriúcháin a shainaithint, a mheas, a mheasúnú, a thuairisciú, a mhaolú agus faireachán a dhéanamh air go tráthúil; agus

   b. bagairtí agus teipeanna féideartha a shainaithint agus iad féin a chosaint orthu, freagairt dóibh agus oiriúnú dóibh, chomh maith le téarnamh uathu agus foghlaim uathu, chun a dtionchar ar sheachadadh feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a íoslaghdú[13].

80. Ba cheart d'eisitheoir comhlachta bainistíochta ARTanna, mar chuid den chreat bainistíochta riosca, straitéisí, beartais agus próisis a fhormheas chun riosca oibriúcháin agus athléimneacht oibríochtúil a bhainistiú, lena n-áirítear an fonn riosca don chreat riosca oibriúcháin agus an lamháltas riosca maidir le cur isteach ar fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha.[14] Ba cheart na straitéisí, na beartais agus na próisis sin a athbhreithniú go tréimhsiúil agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is iomchuí.

81. Áirithíonn an comhlacht bainistíochta go gcuirtear na beartais agus na próisis sin chun feidhme go héifeachtach, go gcomhtháthaítear iad go hiomlán i gcreat foriomlán bainistíochta riosca eisitheoir ARTanna, lena n-áirítear an riosca i ndáil le heintitis tríú páirtí a úsáid, agus go gcuirtear in iúl go héifeachtach iad don fhoireann ábhartha.

82. Ba cheart d'eisitheoir ARTanna na freagrachtaí a shannadh go soiléir don chóras measúnaithe agus bainistíochta le haghaidh riosca oibriúcháin agus athléimneacht oibríochtúil.

---

[13] Prionsabail BCBS maidir le hAthléimneacht Oibríochtúil, Márta 2021, https://www.bis.org/bcbs/publ/d516.pdf

[14] Is éard is caoinfhulaingt ar shuaitheadh ann an leibhéal suaite ó aon chineál riosca oibriúcháin a bhfuil eisitheoir toilteanach glacadh leis i bhfianaise raon cásanna atá dian ach sochreidte.

83. Ba cheart d'eisitheoir ARTanna a neamhchosaintí ar riosca oibriúcháin a shainaithint, sonraí ábhartha maidir le riosca oibriúcháin a rianú, lena n-áirítear sonraí maidir le caillteanas ábhartha, agus anailís ar chásanna a dhéanamh.

84. Ba cheart d'eisitheoir ARTanna a oibríochtaí criticiúla a shainaithint, i gcomhréir lena chur chuige athléimneachta oibríochtúla, agus na daoine, an teicneolaíocht, na próisis, na sonraí, na saoráidí, na tríú páirtithe, lena n-áirítear eintitis inghrúpa, agus na hidirnaisc agus na hidirthuilleamaíochtaí eatarthu a mhapáil, ar idirnaisc agus idirthuilleamaíochtaí iad atá riachtanach chun feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a sholáthar i gcás "gnó mar is gnách" agus trí shuaitheadh.

85. Ba cheart an creat bainistithe riosca oibríochtúil agus athléimneachta oibríochtúla a bheith faoi réir athbhreithnithe rialta arna ndéanamh ag iniúchóirí inmheánacha nó seachtracha a bhfuil an t-eolas is gá acu chun athbhreithnithe den sórt sin a dhéanamh. Ba cheart an creat bainistíochta riosca oibríochtúil agus an creat athléimneachta oibríochtúla a struchtúrú le hacmhainní daonna agus teicniúla leordhóthanacha. Ba cheart córas measúnaithe riosca oibriúcháin agus creat athléimneachta oibríochtúla eisitheoir ARTanna a chomhtháthú go hiomlán i gcreat bainistíochta riosca an eisitheora.

86. Ba cheart córas tuairiscithe a chur chun feidhme don chomhlacht bainistíochta lena ndéantar foráil maidir le tuarascálacha leordhóthanacha ar riosca oibríochtúil agus ar athléimneacht oibríochtúil ó fheidhmeanna ábhartha laistigh d'eisitheoir ARTanna. Ba cheart nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag eisitheoir ARTanna chun gníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh gan mhoill, de réir mar is ábhartha.

87. Ba cheart d'eisitheoir ARTanna an riosca oibriúcháin a bhaineann go dlúth le heisitheoir gníomhaíochtaí, próiseas agus córas ARTanna a shainaithint agus a mheasúnú chun a áirithiú go dtuigtear go maith na rioscaí bunúsacha.

88. I bhfianaise Theideal I maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta, ba cheart d'eisitheoir ARTanna raon cásanna a shainaithint, a anailísiú agus a thomhas, lena n-áirítear teagmhais lena mbaineann dóchúlacht íseal agus déine ard, a bhféadfadh caillteanais riosca oibriúcháin thromchúiseacha a bheith mar thoradh ar chuid acu. Áirítear ar na hionchuir leis an anailís ar chásanna sonraí ábhartha inmheánacha agus seachtracha maidir le caillteanas, faisnéis ó fhéinmheasúnuithe, tuairim shaineolach, an creat rialaithe inmheánaigh, méadrachtaí réamhbhreathnaitheacha, anailísí ar bhunchúiseanna agus an creat próisis, de réir mar is iomchuí. Ba cheart an próiseas anailíse ar chásanna a úsáid chun raon iarmhairtí a bhaineann le teagmhais fhéideartha a fhorbairt, lena n-áirítear measúnuithe tionchair chun críocha bainistithe riosca, lena bhforlíontar uirlisí eile bunaithe ar shonraí stairiúla nó ar mheasúnuithe riosca atá ann faoi láthair.

89. I bhfianaise Theideal I, féadfaidh eisitheoirí ARTanna cineálacha cur chuige cáilíochtúla maidir le measúnú riosca a úsáid, agus ba cheart cur chuige níos sofaisticiúla a bheith ag eisitheoirí

ARTanna suntasacha, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu, sonraí inmheánacha agus seachtracha maidir le caillteanas a úsáid chun bonn eolais a chur faoin anailís ar chásanna.

## 12.1 Formheas nua táirge, córais agus próisis

90. Ba cheart beartais agus nósanna imeachta a bheith ag eisitheoir ARTanna chun táirgí, próisis agus córais nua a mheasúnú agus a fhormheas, lena n-áirítear maidir le heisiúint nua ARTanna agus próisis agus córais ghaolmhara.

91. Ba cheart a chur san áireamh sa phróiseas formheasa na rioscaí uile, lena n-áirítear rioscaí dlíthiúla agus TFC, i seoladh táirgí nua agus i gcur chun feidhme próiseas agus córas nua, agus ba cheart rioscaí a bhaineann le daoine, próisis, córais agus imeachtaí seachtracha a chur san áireamh ann.

92. Ba cheart breithniú a dhéanamh sa phróiseas formheasa freisin ar éifeachtaí ar sheachadadh feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha agus ar a n-idirnaisc agus a n-idirspleáchais chomh maith le hathruithe ar phróifíl riosca oibriúcháin eisitheoirí ARTanna, lena n-áirítear athruithe ar an riosca a bhaineann le táirgí nó gníomhaíochtaí atá ann cheana, na rialuithe inmheánacha is gá, próisis bainistithe riosca, agus maolú riosca.

93. Ba cheart d’eisitheoir ARTanna a áirithiú go ndéanfar measúnú ar éabhlóid na rioscaí a bhaineann le táirgí, córais agus próisis nua le himeacht ama ar feadh saolré iomlán táirge, gníomhaíochtaí nó seirbhísí.

94. Ba cheart d’eisitheoirí ARTanna córas láidir rialaithe inmheánaigh a bheith acu i gcomhréir le Teideal V freisin maidir le táirgí, próisis agus córais nua chun a áirithiú go bhfuil oibríochtaí éifeachtúla agus éifeachtacha ag eisitheoir ARTanna; a chúlchiste sócmhainní a choimirciú; faisnéis iontaofa a tháirgeadh agus na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme a chomhlíonadh.

## 12.2 Bainistíocht riosca TFC

95. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna creat bainistíochta riosca TFC a bhunú i gcomhréir leis na ceanglais a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) 2022/2554. I ndáil leis an méid sin, ba cheart creat rialachais agus rialaithe inmheánaigh a bheith i bhfeidhm ag eisitheoirí ARTanna lena n-áirithítear bainistíocht éifeachtach stuama rioscaí TFC chun ardleibhéal athléimneachta digití oibríochtúla a bhaint amach.[15]

## 12.3 Socruithe le heintitis tríú páirtí chun an cúlchiste sócmhainní a fheidhmiú, chun na cúlsócmhainní a infheistiú, chun na cúlsócmhainní a chumhdach, nó chun na comharthaí sócmhainn-tagartha a dháileadh ar an bpobal

96. Maidir le comhlacht bainistíochta eisitheora ARTanna a bhfuil socruithe i bhfeidhm aige le heintitis tríú páirtí chun an cúlchiste sócmhainní a fheidhmiú, chun na cúlsócmhainní a infheistiú, chun na cúlsócmhainní a chumhdach, nó, i gcás inarb infheidhme, chun na comharthaí sócmhainn-tagartha a dháileadh ar an bpobal nó pleananna chun socruithe den sórt sin a dhéanamh, ba cheart dó beartas maidir leis na ceanglais le haghaidh spleáchas oibríochtúil na n-eintiteas tríú páirtí sin a fhormheas, a athbhreithniú go rialta agus a thabhairt cothrom le dáta agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad ar bhonn aonair agus, de réir mar is infheidhme, ar bhonn grúpa.

97. Ba cheart go n-áireofaí sa bheartas seo na príomhchéimeanna de shaolré na socruithe tríú páirtí seo agus na prionsabail, na freagrachtaí agus na próisis maidir le húsáid tríú páirtí a shainiú. Go háirithe, ba cheart an méid seo a leanas, ar a laghad, a chumhdach leis an mbeartas:

   a. freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta, lena n-áirítear a rannpháirtíocht, de réir mar is iomchuí, sa chinnteoireacht;

   b. rannpháirtíocht línte gnó, feidhmeanna rialaithe inmheánaigh agus daoine aonair eile i leith na socruithe sin;

   c. pleanáil agus struchtúrú socruithe tríú páirtí, lena n-áirítear ceanglais ghnó a shainiú maidir le húsáid tríú páirtithe.

   d. sainaithint, measúnú agus bainistiú riosca i gcomhréir le Roinn 11;

   e. seiceálacha díchill chuí ar thríú páirtithe ionchasacha;

   f. beartais agus nósanna imeachta chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh, i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2023/1114;

[15] Féach Rialachán (AE) 2022/2554, IO L 333, 27.12.2022, lgh. 1-79

g. straitéisí pleanála leanúnachais gnó agus scoir chun athléimneacht oibríochtúil eisitheoir ARTanna a áirithiú i gcás cliseadh nó suaitheadh in eintiteas tríú páirtí a mbíonn tionchar aige ar sholáthar oibríochtaí criticiúla. Ba cheart d'eisitheoir pleananna leanúnachais gnó agus scoir ARTanna measúnú a dhéanamh ar inionadaitheacht an eintitis tríú páirtí a úsáideann sé le haghaidh oibríochtaí criticiúla, agus ar roghanna malartacha inmharthana eile a d'fhéadfadh athléimneacht oibríochtúil a éascú i gcás éaradh ag eintiteas tríú páirtí amhail an ghníomhaíocht a thabhairt ar ais go hinmheánach;

h. próiseas formheasa na socruithe nua;

i. cur chun feidhme, faireachán agus bainistiú na socruithe sin, lena n-áirítear an measúnú leanúnach ar fheidhmíocht na n-eintiteas tríú páirtí chun a áirithiú go bhfanfaidh an caidreamh laistigh d'inghlacthacht riosca agus lamháltas eisitheora ARTanna maidir le cur isteach ar oibríochtaí criticiúla agus croílínte gnó;

j. na nósanna imeachta maidir le fógra a fháil agus freagairt d'athruithe ar shocrú ag eintitis tríú páirtí;

k. athbhreithniú agus iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar chomhlíonadh ceanglas agus beartas dlíthiúil agus rialála;

l. na próisis athnuachana le haghaidh socruithe le heintitis tríú páirtí;

m. an doiciméadacht agus coimeád na dtaifead; agus

n. na straitéisí scoir agus na próisis foirceanta, lena n-áirítear ceanglas maidir le plean imeachta doiciméadaithe le haghaidh gach socraithe le heintiteas tríú páirtí, i gcás ina meastar gur féidir imeacht den sórt sin a dhéanamh, agus bristeacha seirbhíse a d'fhéadfadh a bheith ann nó foirceannadh comhaontaithe gan choinne á gcur san áireamh.

98. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag socruithe le heintitis tríú páirtí ar a riosca oibríochtúil agus ar a n-athléimneacht oibríochtúil, i gcomhréir le roinn 12, agus ba cheart dóibh torthaí an mheasúnaithe a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu ar cheart d'eintiteas tríú páirtí feidhm a dhéanamh agus ba cheart dóibh bearta iomchuí a dhéanamh chun rioscaí oibríochtúla breise míchuí a sheachaint sula ndéanfaidh siad na socruithe sin.

99. Laistigh den mheasúnú riosca, ba cheart d'eisitheoir ARTanna na tairbhí agus na costais ionchasacha a bhaineann leis an socrú atá beartaithe a chur san áireamh freisin, lena n-áirítear aon phriacail a mheas a d'fhéadfaí a laghdú nó a bhainistiú ar bhealach níos fearr i gcoinne aon phriacail a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar an socrú atá beartaithe, agus na bearta arna gcur chun feidhme ag eisitheoir ARTanna agus ag an soláthraí seirbhíse chun na priacail sin a bhainistiú agus a mhaolú á gcur san áireamh ar a laghad.

100. Agus an measúnú riosca á dhéanamh sula mbeifear ag brath ar eintiteas tríú páirtí agus le linn faireachán leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht an eintitis tríú páirtí, ba cheart d'eisitheoir ARTanna an méid seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:

a. na feidhmeanna ábhartha agus na sonraí gaolmhara agus na córais ghaolmhara a shainaithint agus a aicmiú maidir lena n-íogaireacht agus a gcriticiúlacht agus na bearta slándála is gá;

b. anailís chríochnúil rioscabhunaithe a dhéanamh ar na feidhmeanna agus ar na sonraí gaolmhara agus ar na córais ghaolmhara atá á mbreithniú don socrú agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí ionchasacha, go háirithe na rioscaí oibriúcháin, lena n-áirítear rioscaí fochonraitheoireachta, dlíthiúla, TFC, rioscaí comhlíonta agus rioscaí do chlú, agus na teorainneacha formhaoirseachta a bhaineann leis na tíortha ina bhfuil na seirbhísí á soláthar nó ina bhféadfadh na seirbhísí a bheith á soláthar;

c. breithniú a dhéanamh ar spleáchais gheografacha agus ar bhainistiú na rioscaí gaolmhara. D'fhéadfadh baint a bheith ag na rioscaí sin leis an timpeallacht eacnamaíoch, airgeadais, pholaitiúil, dhlíthiúil agus rialála sa dlínse nó sna dlínsí ina mbeidh an tseirbhís ábhartha.

101. Sula ndéanfaidh siad socrú le tríú páirtí agus na rioscaí á mbreithniú acu, lena n-áirítear rioscaí oibriúcháin agus riosca contrapháirtí, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna a áirithiú ina bpróiseas roghnúcháin agus measúnaithe go bhfuil an t-eintiteas tríú páirtí oiriúnach.

102. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna a áirithiú go bhfuil clú gnó leordhóthanach, cumais iomchuí agus leordhóthanacha, an saineolas, an acmhainneacht, na hacmhainní (e.g. acmhainní daonna, TF, airgeadais), an struchtúr eagraíochtúil agus, más infheidhme, an t-údarú rialála nó na húdaruithe rialála nó an clárúchán nó na cláruithe rialála is gá ag an eintiteas tríú páirtí chun an fheidhm a chomhlíonadh ar bhealach iontaofa agus gairmiúil chun a oibleagáidí a chomhlíonadh le linn thréimhse an dréachtchonartha.

103. Áirítear an méid seo a leanas ar na fachtóirí breise atá le cur san áireamh agus dícheall cuí á dhéanamh maidir le heintiteas tríú páirtí féideartha, ach níl siad teoranta dóibh:

a. a shamhail ghnó, a chineál, a scála, a chastacht, a staid airgeadais, a úinéireacht agus a struchtúr grúpa;

b. na caidrimh fhadtéarmacha leis an eintiteas tríú páirtí a ndearnadh measúnú orthu cheana agus a dhéanann seirbhísí d'eisitheoir ARTanna;

c. leibhéal inionadaitheachta an tsoláthraí seirbhíse agus seirbhíse lena n-áirítear an cumas imeacht ón socrú tríú páirtí agus aistriú chuig soláthraí seirbhíse eile nó an tseirbhís chriticiúil a thabhairt ar ais go hinmheánach nó an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ionadú den sórt sin ar oibríochtaí criticiúla eisitheoir na ARTanna;

d. cibé acu atá nó nach bhfuil an t-eintiteas tríú páirtí faoi mhaoirseacht na n-údarás inniúil.

104. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go ngníomhóidh an tríú páirtí ar bhealach atá i gcomhréir lena luachanna agus lena gcód iompair.

105. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna a áirithiú i gcónaí go gcomhlíonann an tríú páirtí a úsáideann siad chun ARTanna a dháileadh ar an bpobal na nósanna imeachta lena n-áirithítear comhlíonadh na n-oibleagáidí maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc faoi Threoir (AE) 2015/849 agus, i gcás inarb infheidhme, faoi Rialachán (AE) 2023/1113 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus cripteashócmhainní áirithe. Ba cheart don eintiteas tríú páirtí a áirithiú ina chórais rialaithe inmheánaigh go gcomhlíontar go leanúnach na hoibleagáidí maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc faoi Threoir (AE) 2015/849 agus, i gcás inarb infheidhme, Rialachán (AE) 2023/1113 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus cripteashócmhainní áirithe.

## 13. Feidhmeanna rialaithe inmheánaigh

106. Ba cheart go n-áireofaí sna feidhmeanna rialaithe inmheánaigh feidhm comhlíonta inmheánaigh atá éifeachtach agus buan, agus i gcás inarb iomchuí agus comhréireach, na critéir a liostaítear i dTeideal I, feidhm bhainistíochta riosca agus feidhm iniúchóireachta inmheánaí a chur san áireamh. I gcás nach ndéanann eisitheoirí ARTanna feidhm bainistithe riosca agus feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhunú agus a choinneáil ar bun, ba cheart dóibh a bheith in ann a léiriú, arna iarraidh sin, go mbaintear amach go héifeachtach leis na beartais agus na nósanna imeachta arna nglacadh agus arna gcur chun feidhme le haghaidh creat rialaithe inmheánaigh an toradh céanna leis na treoirlínte dá bhforáiltear i dTeideal V seo.

107. Moltar d'eisitheoirí ARTanna suntasacha feidhmeanna inmheánacha bainistíochta riosca agus iniúchóireachta inmheánaí a bhunú. I gcás nach mbunaíonn eisitheoir ARTanna feidhm bainistíochta priacail inmheánaigh (RMF) nó feidhm iniúchóireachta inmheánaí (IAF), is ar an gcomhlacht bainistíochta atá freagrachtaí na bhfeidhmeanna sin mar a leagtar amach sna treoirlínte seo iad, agus féadfaidh an comhlacht bainistíochta na cúraimí oibríochtúla a tharmligean go hinmheánach nó go seachtrach chuig soláthraí tríú páirtí, e.g. i bhfoirm socrú seachfhoinsithe[16].

### 13.1 Cinn na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh

108. Ba cheart cinn feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a bhunú ar leibhéal ordlathach leordhóthanach lena soláthraítear an t-údarás agus an stádas iomchuí do cheann na feidhme rialaithe is gá chun a fhreagrachtaí nó a freagrachtaí a chomhlíonadh. Ba cheart don cheann um chomhlíonadh agus, i gcás ina bhfuil siad bunaithe, cinn na bainistíochta riosca agus feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí a bheith freagrach go díreach don chomhlacht

[16] D'fhéadfadh sé go bhféadfaí cúraimí oibríochtúla comhlíonta a sheachfhoinsiú fós.

bainistíochta agus ba cheart don chomhlacht bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht.

109. I gcás inar gá, ba cheart do chinn feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a bheith in ann rochtain a bheith acu ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta agus tuairisciú go díreach dó ina fheidhm mhaoirseachta chun ábhair imní a chur in iúl agus rabhadh a thabhairt don fheidhm mhaoirseachta, i gcás inarb iomchuí, nuair a dhéanann forbairtí sonracha difear d'eisitheoir ARTanna nó nuair a d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh dó. Níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar chinn feidhmeanna rialaithe inmheánaigh tuairisciú laistigh de na gnáthlínte tuairiscithe chomh maith.

110. Ba cheart próisis dhoiciméadaithe a bheith i bhfeidhm ag eisitheoirí ARTanna chun post cheann feidhme rialaithe inmheánaigh a shannadh agus chun a fhreagrachtaí nó a freagrachtaí a tharraingt siar. In aon chás, níor cheart cinn na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh a bhaint gan formheas a fháil roimh ré ón gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta i gcás ina bhfuil sé bunaithe.

## 13.2 Neamhspleáchas feidhmeanna rialaithe inmheánaigh

111. Chun go measfar na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a bheith ag feidhmiú go neamhspleách, ba cheart na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

a. ní chomhlíonann a gcuid comhaltaí foirne aon chúraimí oibríochtúla a thagann faoi raon feidhme na ngníomhaíochtaí arb é is aidhm leo faireachán agus rialú a dhéanamh ach amháin má léirítear, i bhfianaise na gcritéar atá liostaithe i dTeideal I chun prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm, go bhfuil na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh éifeachtach i gcónaí. Sa chás sin, ba cheart d'eisitheoir ARTanna measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear éifeachtacht a bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh i mbaol.

b. I gcás inarb iomchuí, tá siad ar leithligh ó thaobh eagraíochta de ó na gníomhaíochtaí a shanntar dóibh chun faireachán agus rialú a dhéanamh orthu;

c. níor cheart luach saothair na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh a bheith nasctha le feidhmiú na ngníomhaíochtaí a ndéanann an fheidhm rialaithe inmheánaigh faireachán orthu agus a rialaíonn sí agus níor cheart gur dócha go gcuirfeadh sé isteach ar oibiachtúlacht na mball foirne ar shlí eile[17].

## 13.3 Acmhainní feidhmeanna rialaithe inmheánaigh

[17] Féach freisin treoirlínte ÚBE maidir le beartais fhónta luacha saothair, atá le fáil ag https://www.eba.europa.eu/regulation-and-policy/remuneration/guidelines-on-sound-remuneration-policies.

112. Ba chóir go mbeadh dóthain acmhainní ag feidhmeanna rialaithe inmheánaigh. Agus cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach i dTeideal I á chur san áireamh, ba cheart líon leordhóthanach ball foirne cáilithe a bheith acu a bhfuil scileanna, eolas agus taithí leordhóthanach acu. Ba cheart go leanfadh an fhoireann de bheith cáilithe ar bhonn leanúnach agus ba cheart go gcuirfí oiliúint orthu de réir mar is gá.

113. Ba cheart córais TFC iomchuí agus tacaíocht iomchuí a bheith ar fáil d'fheidhmeanna rialaithe inmheánaigh, agus rochtain acu ar an bhfaisnéis inmheánach agus sheachtrach is gá chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh. Ba cheart rochtain a bheith acu ar an bhfaisnéis uile is gá maidir leis na línte gnó agus na fochuideachtaí ábhartha uile a bhfuil riosca ag baint leo, go háirithe na cinn sin a d'fhéadfadh rioscaí ábhartha a chruthú d'eisitheoir ARTanna.

## 14. Feidhm bainistíochta riosca

114. I gcás ina bhfuil sé bunaithe, ba cheart eisitheoir iomlán ARTanna a chumhdach leis an bhfeidhm bainistithe riosca (RMF). Ba cheart údarás, stádas agus acmhainní leordhóthanacha a bheith ag RMF, agus na critéir chomhréireachta a liostaítear i dTeideal I á gcur san áireamh, chun beartais riosca agus an creat bainistíochta riosca mar a leagtar amach i Roinn 11 a chur chun feidhme.

115. Ba cheart rochtain dhíreach a bheith ag RMF, i gcás inar gá, ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta, i gcás ina bhfuil sé bunaithe.

116. Ba cheart rochtain a bheith ag RMF ar gach líne ghnó agus ar gach aonad inmheánach eile a d'fhéadfadh riosca a ghiniúint.

117. Ba cheart go mbeadh a ndóthain eolais, scileanna agus taithí ag comhaltaí foirne laistigh de RMF maidir le teicnící agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, agus maidir le margaí agus táirgí, agus ba cheart go mbeadh rochtain acu ar oiliúint rialta.

118. I gcás ina bhfuil sé bunaithe, ba cheart go mbeadh RMF ina ghné lárnach eagraíochtúil d'eisitheoir ARTanna, agus í struchtúrtha ionas gur féidir leis beartais riosca a chur chun feidhme agus an creat bainistíochta riosca a rialú. Ba cheart ról lárnach a bheith ag RMF chun a áirithiú go bhfuil próisis éifeachtacha bainistithe riosca i bhfeidhm ag eisitheoir ARTanna. Ba cheart go mbeadh RMF rannpháirteach go gníomhach i ngach cinneadh ábhartha bainistíochta riosca. I gcás inarb infheidhme, i ngrúpa, ba cheart do RMF i máthairghnóthas de chuid an Aontais a bheith in ann dearcadh iomlánaíoch grúpa a thabhairt ar na rioscaí uile agus a áirithiú go gcomhlíonfar an straitéis riosca.

119. Ba cheart do RMF faisnéis, anailísí agus breithiúnas saineolach ábhartha neamhspleách a sholáthar maidir le neamhchosaintí ar riosca, agus comhairle maidir le tograí agus cinntí riosca arna ndéanamh ag réimeanna gnó nó ag aonaid inmheánacha, agus ba cheart dó an comhlacht bainistíochta a chur ar an eolas i dtaobh an bhfuil an fhaisnéis agus an chomhairle sin comhsheasmhach le próifíl riosca eisitheoir ARTanna. Féadfaidh RMF feabhsuithe ar an gcreat

bainistíochta riosca agus bearta ceartaitheacha a mholadh chun sáruithe ar bheartais riosca, nósanna imeachta agus teorainneacha a cheartú.

## 14.1 Ról RMF i straitéis agus cinntí riosca

120. Ba cheart go n-áiritheodh rannpháirtíocht RMF sna próisis chinnteoireachta go gcuirfí breithniúcháin riosca san áireamh go hiomchuí. É sin ráite, ba cheart gurb iad na haonaid ghnó agus na haonaid inmheánacha a bheadh freagrach as na cinntí a dhéantar, agus i ndeireadh an dála, an comhlacht bainistíochta.

## 14.2 Ról RMF in athruithe ábhartha

121. Sula ndéanfar cinntí maidir le hathruithe ábhartha ar tháirgí, ar phróisis nó ar chórais nó maidir le hidirbhearta eisceachtúla, ba cheart baint a bheith ag RMF leis an meastóireacht ar thionchar na n-athruithe sin ar eisitheoir ARTanna agus ba cheart dó a thorthaí a thuairisciú go díreach don chomhlacht bainistíochta sula ndéanfar cinneadh.

122. Ba cheart do RMF meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh na rioscaí a sainaithníodh difear a dhéanamh do chumas eisitheoir ART a phróifíl riosca agus na rioscaí a bhaineann leis an gcúlchiste sócmhainní a bhainistiú.

## 14.3 Ról RMF i ndáil le rioscaí a shainaithint, a thomhas, a mheasúnú, a bhainistiú, a mhaolú, a fhaireachán agus a thuairisciú

123. Ba cheart do RMF a áirithiú go gcuirfear an creat bainistíochta riosca chun feidhme go hiomchuí agus go ndéanfaidh aonaid ábhartha eisitheoir ARTanna na rioscaí uile a shainaithint, a mheasúnú, a thomhas, go ndéanfaidh siad faireachán orthu, go ndéanfaidh siad iad a bhainistiú agus go ndéanfaidh siad tuairisciú ceart orthu.

124. Ba cheart do RMF a áirithiú nach ar fhaisnéis chainníochtúil amháin ná ar aschuir na samhla amháin a bhunaítear sainaithint agus measúnú, ach go gcuirfear cineálacha éagsúla cur chuige cáilíochtúil san áireamh freisin. Ba cheart do RMF an comhlacht bainistíochta a choinneáil ar an eolas faoi na toimhdí a úsáidtear sna huirlisí agus sna modhanna cainníochtaithe riosca, lena n-áirítear samhlacha agus anailís, agus faoi na heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith iontu.

125. Ba cheart do RMF a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú ar idirbhearta le páirtithe gaolmhara agus go sainaithneofar na rioscaí a bhaineann leo d'eisitheoir ARTanna agus go ndéanfar measúnú leordhóthanach orthu.

126. Ba cheart do RMF a áirithiú go ndéanfaidh an gnólacht nó na haonaid inmheánacha faireachán éifeachtach ar na rioscaí sainaitheanta uile.

127. Ba cheart do RMF faireachán rialta a dhéanamh ar phróifíl riosca iarbhír eisitheoir ARTanna agus é a ghrinnscrúdú i gcoinne na spriocanna straitéiseacha agus an inghlacthacht riosca agus na torthaí a thuairisciú chun go mbeidh an comhlacht bainistíochta in ann cinnteoireacht a dhéanamh ina fheidhm bhainistíochta agus chun go mbeidh an comhlacht bainistíochta in ann dúshláin a thabhairt ina fheidhm mhaoirseachta.

128. Ba cheart do RMF anailís a dhéanamh ar threochtaí agus rioscaí nua nó rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint agus méaduithe ar an riosca a eascraíonn as imthosca agus dálaí athraitheacha. Ba cheart dó freisin athbhreithniú rialta a dhéanamh ar thorthaí iarbhír riosca i gcomparáid le meastacháin roimhe sin (i.e. cúltástáil) chun measúnú a dhéanamh ar chruinneas agus éifeachtacht na modhanna measúnaithe riosca agus an phróisis bainistithe riosca agus chun iad a fheabhsú.

129. Ba cheart do RMF meastóireacht a dhéanamh ar bhealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun rioscaí sainaitheanta a mhaolú. Ba cheart tograí le haghaidh gníomhaíochtaí maolaithe riosca iomchuí a áireamh sa tuairisciú riosca don chomhlacht bainistíochta.

## 14.4 Ról RMF i bhfonn agus teorainneacha riosca

130. Ba cheart do RMF measúnú neamhspleách a dhéanamh ar sháruithe ar inghlacthacht riosca nó ar theorainneacha riosca. Ba cheart do RMF an gnólacht nó na haonaid inmheánacha lena mbaineann agus an comhlacht bainistíochta a chur ar an eolas agus leigheasanna féideartha a

mholadh. Ba cheart do RMF tuairisciú go díreach don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta nuair is sárú ábhartha é, gan dochar do RMF tuairisciú d'fheidhmeanna inmheánacha eile.

131. Ba cheart ról lárnach a bheith ag RMF chun a áirithiú go ndéantar cinneadh ar a mholadh ar an leibhéal ábhartha, go gcomhlíonann na haonaid ghnó ábhartha é agus go dtuairiscítear go hiomchuí é don chomhlacht bainistíochta agus, i gcás ina bhfuil sé bunaithe, don choiste riosca.

## 14.5 Ceann na feidhme bainistíochta riosca

132. I gcás ina bhfuil sé bunaithe, ba cheart do cheann RMF a bheith freagrach as faisnéis chuimsitheach agus intuigthe a sholáthar maidir le rioscaí agus comhairle a chur ar an gcomhlacht bainistíochta, rud a chuirfeadh ar chumas an chomhlachta sin próifíl riosca fhoriomlán eisitheoir ARTanna a thuiscint. I gcás nár bunaíodh aon fheidhm neamhspleách, is iad na baill foirne ar cuireadh na nósanna imeachta bainistíochta riosca de chúram orthu nó comhaltaí an chomhlachta bainistíochta go díreach a bheidh freagrach as ceann na feidhme bainistíochta riosca.

133. Ba cheart go mbeadh dóthain saineolais, neamhspleáchais agus sinsearachta ag ceann RMF chun agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí a dhéanann difear do neamhchosaint eisitheoir ARTanna ar rioscaí. I gcás nach comhalta den chomhlacht bainistíochta é ceann RMF, agus prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach i dTeideal I á chur san áireamh, ba cheart d'eisitheoir ARTanna ceann neamhspleách RMF a cheapadh nach bhfuil aon fhreagracht air as feidhmeanna eile agus a thuairiscíonn go díreach don chomhlacht bainistíochta. I gcás nach bhfuil sé comhréireach duine a cheapadh atá tiomnaithe do ról cheann RMF amháin, agus prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach i dTeideal I á chur san áireamh, is féidir an fheidhm sin a chomhcheangal le ceann na feidhme comhlíonta nó is féidir le duine sinsearach eile í a dhéanamh, ar choinníoll nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann idir na cúraimí a dhéantar. In aon chás, ba cheart údarás, stádas agus neamhspleáchas leordhóthanach a bheith ag an duine sin (e.g. ceann dlí).

134. Ba cheart do cheann RMF a bheith in ann agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí a dhéanann bainistíocht an eisitheora agus a chomhlachta bainistíochta, agus ba cheart na forais le hagóidí a dhoiciméadú go foirmiúil. Más mian le heisitheoir ARTanna an ceart a thabhairt do cheann RMF cinntí a chrosadh (e.g. cinneadh creidmheasa nó infheistíochta nó teorainn a shocrú) a dhéantar ag leibhéil faoi bhun an chomhlachta bainistíochta, ba cheart dó raon feidhme an chirt chrosta den sórt sin, na nósanna imeachta géaraithe nó achomhairc, agus an chaoi a mbeidh an comhlacht bainistíochta rannpháirteach a shonrú.

135. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna próisis neartaithe a bhunú chun cinntí ar léirigh ceann RMF dearcadh diúltach ina leith a fhormheas. Ina fheidhm mhaoirseachta, ba cheart don chomhlacht bainistíochta a bheith in ann cumarsáid dhíreach a dhéanamh le ceann RMF maidir le príomh-shaincheisteanna riosca, lena n-áirítear forbairtí a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le straitéis

riosca agus inghlacthacht riosca eisitheoir ARTanna agus ba cheart do cheann RMF a bheith in ann ábhair imní ábhartha a thuairisciú go díreach don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta.

## 15. Feidhm an chomhlíonta

136. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna feidhm bhuan agus éifeachtach an chomhlíonta a bhunú chun riosca comhlíonta a bhainistiú agus ba cheart dóibh duine a cheapadh le bheith freagrach as an bhfeidhm sin i ngníomhaíochtaí uile an eintitis (an t-oifigeach um chomhlíonadh).

137. Féadfar ról an oifigigh um chomhlíonadh, ag cur prionsabal na comhréireachta atá leagtha amach i dTeideal I san áireamh, a chomhcheangal le ceann RMF nó, sa chás nach bhfuil sé comhréireach duine a cheapadh a bheith tiomanta don fheidhm seo amháin, is féidir le duine sinsearach eile an fheidhm a chur i gcrích (e.g. ceann dlí), ar choinníoll nach bhfuil aon choinbhleacht leasa idir na cúraimí a chuirtear i gcrích.

138. Ba cheart eolas, scileanna agus taithí leordhóthanach a bheith ag na baill foirne laistigh d'fheidhm an chomhlíonta maidir le comhlíonadh agus nósanna imeachta ábhartha agus ba cheart rochtain a bheith acu ar oiliúint rialta.

139. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta, agus é i mbun a fheidhme maoirseachta, maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme beartais um chomhlíonadh atá doiciméadaithe go maith, agus ba cheart eolas maidir leis an mbeartas sin a roinnt le gach comhalta foirne. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna próiseas a chur ar bun chun measúnú rialta a dhéanamh ar athruithe ar an dlí agus ar na rialacháin is infheidhme maidir lena ngníomhaíochtaí.

140. Ba cheart d'fheidhm an chomhlíonta comhairle a chur ar an gcomhlacht bainistíochta maidir le bearta atá le déanamh chun comhlíonadh na ndlíthe, na rialacha, na rialachán agus na gcaighdeán is infheidhme a áirithiú, agus ba cheart di measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil nó rialála ar ghníomhaíochtaí agus ar chreat comhlíonta eisitheoir ARTanna.

141. Ba cheart go n-áiritheodh feidhm an chomhlíonta go ndéantar faireachán ar chomhlíonadh trí chlár faireacháin ar chomhlíonadh atá struchtúrtha agus dea-shainithe agus go gcomhlíontar an beartas comhlíonta. Ba cheart d'fheidhm an chomhlíonta tuairisciú don chomhlacht bainistíochta agus cumarsáid a dhéanamh de réir mar is iomchuí leis an RMF maidir le riosca comhlíontachta eisitheoir ARTanna agus maidir lena bhainistiú. Ba cheart d'fheidhm an chomhlíonta agus do RMF comhoibriú agus faisnéis a mhalartú de réir mar is iomchuí chun a gcúraimí faoi seach a dhéanamh. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta agus do RMF torthaí na feidhme comhlíonta a chur san áireamh i bpróisis chinnteoireachta.

142. Ba cheart d'eisitheoir ARTanna gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh in aghaidh iompraíocht inmheánach nó sheachtrach a d'fhéadfadh calaois nó coireacht airgeadais agus sáruithe

smachta a éascú nó a chumasú (e.g. sáruithe ar nósanna imeachta inmheánacha nó sáruithe ar theorainneacha).

## 16. Feidhm iniúchóireachta inmheánaí

143. I gcás ina mbunaítear í, ba cheart don fheidhm iniúchóireachta inmheánaí (IAF) a bheith neamhspleách agus údarás, stádas agus acmhainní leordhóthanacha a bheith aici. Go háirithe, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna a áirithiú go bhfuil cáiliú bhaill foirne IAF agus acmhainní IAF, go háirithe a uirlisí iniúchóireachta agus a mhodhanna anailíse riosca, leordhóthanach d'eisitheoir mhéid agus shuíomhanna ARTanna, agus do chineál, scála agus castacht na rioscaí a bhaineann le samhail ghnó, gníomhaíochtaí, cultúr riosca agus fonn riosca eisitheoir ARTanna.

144. Ba cheart do IAF a bheith neamhspleách ar na gníomhaíochtaí iniúchta. Dá bhrí sin, níor cheart IAF a chomhcheangal le feidhmeanna eile.

145. Ba cheart do IAF, agus cur chuige rioscabhunaithe á leanúint aige, athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh agus dearbhú oibiachtúil a sholáthar maidir le comhlíonadh ghníomhaíochtaí agus aonaid uile eisitheora ARTanna, lena n-áirítear úsáid a bhaint as eintitis tríú páirtí, le beartais agus nósanna imeachta eisitheoir ARTanna agus le ceanglais rialála sheachtracha.

146. Níor cheart go mbeadh baint ag an IAF le beartais, sásraí, nósanna imeachta nó teorainneacha riosca sonracha maidir le rialú inmheánach a dhearadh, a roghnú, a bhunú nó a chur chun feidhme. Níor cheart, áfach, go gcuirfeadh sé sin cosc ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta ionchur a iarraidh ó iniúchadh inmheánach maidir le hábhair a bhaineann le riosca, rialuithe inmheánacha agus comhlíonadh na rialacha is infheidhme.

147. Ba cheart do IAF measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil creat rialaithe inmheánaigh eisitheoir ARTanna mar a leagtar amach i dTeideal V éifeachtach agus éifeachtúil araon. Go háirithe, ba cheart do IAF measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

a. oiriúnacht chreat rialachais eisitheoir ARTanna;

b. cibé an bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta atá ann cheana leordhóthanach i gcónaí agus an gcomhlíonann siad ceanglais dhlíthiúla agus rialála agus straitéis riosca agus fonn riosca eisitheoir ARTanna;

c. comhlíonadh na nósanna imeachta leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme agus le cinntí an chomhlachta bainistíochta;

d. cibé an bhfuil na nósanna imeachta curtha chun feidhme i gceart agus go héifeachtach (e.g. comhlíonadh idirbheart, an leibhéal riosca a thabhaítear go héifeachtach, etc.); agus

e. leordhóthanacht, cáilíocht agus éifeachtacht na rialuithe arna ndéanamh agus an tuairiscithe arna dhéanamh ag na haonaid ghnó (an chéad líne chosanta) agus na feidhmeanna bainistíochta riosca agus comhlíonta.

148. Ba cheart do IAF sláine na bpróiseas lena n-áirithítear iontaofacht mhodhanna agus theicnící an eisitheora ARTanna maidir le cainníochtú riosca, lena n-áirítear samhlacha, a fhíorú go háirithe. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ann freisin ar cháilíocht agus ar úsáid uirlisí cáilíochtúla um shainaithint agus um measúnú riosca agus ar na bearta maolaithe riosca a rinneadh.

149. Ba cheart do IAF athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na bpróiseas chun páipéir bhána a fhorbairt, ar a bhformheas agus ar na próisis maidir leis an gcaoi a dtairgtear ARTanna don phobal.

150. Ba cheart go mbeadh rochtain gan srian ag IAF ar fud an eisitheora ar thaifid, ar dhoiciméid, ar fhaisnéis agus ar fhoirgnimh uile eisitheoir ARTanna. Ba cheart go n-áireofaí leis sin rochtain ar chórais faisnéise bainistíochta agus miontuairiscí na gcoistí agus na gcomhlachtaí cinnteoireachta uile.

151. Ba cheart do IAF cloí le caighdeáin ghairmiúla náisiúnta agus idirnáisiúnta. Sampla de na caighdeáin ghairmiúla dá dtagraítear anseo is ea na caighdeáin arna mbunú ag Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha.

152. Ba cheart obair iniúchóireachta inmheánaí a dhéanamh go rialta i gcomhréir le plean iniúchóireachta agus le clár mionsonraithe iniúchóireachta de réir cur chuige rioscabhunaithe.

153. Ba cheart plean iniúchóireachta inmheánaí a chur i dtoll a chéile uair sa bhliain ar a laghad bunaithe ar chuspóirí rialaithe bliantúla na hiniúchóireachta inmheánaí. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta an plean iniúchóireachta inmheánaigh a fhormheas.

154. Ba cheart na moltaí iniúchóireachta uile a bheith faoi réir nós imeachta leantach foirmiúil de réir na leibhéal iomchuí bainistíochta, ba cheart iad a chur in iúl do chomhlacht bainistíochta eisitheoir na ARTanna agus ba cheart iad a chur ar fáil don údarás inniúil chun a réiteach éifeachtach tráthúil a áirithiú agus chun tuairisciú ina leith.

## Teideal VI – Bainistiú leanúnachais gnó

155. Gan dochar do na ceanglais is infheidhme faoi DORA, ba cheart d’eisitheoirí ARTanna, mar chuid de chur chun feidhme a mbeartais agus a bpleananna leanúnachais gnó arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) 2023/1114, pleananna fónta bainistíochta agus freagartha agus athshlánaithe leanúnachais gnó a bhunú chun a gcumas oibriú ar bhonn leanúnach a áirithiú, chun teagmhais a bhainistiú a d’fhéadfadh cur isteach ar sholáthar oibríochtaí criticiúla i gcomhréir le hinghlacthacht riosca agus lamháltas eisitheoir ARTanna maidir le cur isteach, agus chun caillteanais agus cur isteach ar sholáthar seirbhíse a theorannú i gcás mórshuaitheadh gnó. Féadfaidh eisitheoirí ARTanna feidhm leanúnachais gnó

neamhspleách shonrach a bhunú agus na critéir chomhréireachta a liostaítear i dTeideal I á gcur san áireamh.

156. Braitheann eisitheoir ARTanna ar roinnt acmhainní criticiúla (e.g. córais TF, lena n-áirítear néalseirbhísí, córais chumarsáide, croífhoireann agus foirgnimh). Is é is cuspóir do bhainistiú leanúnachais gnó laghdú a dhéanamh ar na hiarmhairtí oibríochtúla, airgeadais, dlíthiúla, clú agus na hiarmhairtí ábhartha eile a eascraíonn as tubaiste nó as cur isteach fada ar na hacmhainní sin agus as cur isteach dá bharr sin ar ghnáthnósanna imeachta gnó eisitheoir ARTanna. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé i gceist le bearta bainistithe riosca eile an dóchúlacht go dtarlódh teagmhais den sórt sin a laghdú nó a dtionchar airgeadais a aistriú chuig tríú páirtithe (e.g. trí árachas).

157. Chun plean fónta bainistíochta leanúnachais gnó a bhunú, ba cheart d'eisitheoir ARTanna anailís chúramach a dhéanamh ar fhachtóirí riosca le haghaidh mórshuaitheadh gnó, agus ar a neamhchosaint air, agus measúnú a dhéanamh (go cainníochtúil agus go cáilíochtúil) ar a dtionchar féideartha, agus sonraí inmheánacha agus/nó seachtracha agus anailís ar chásanna á n-úsáid. Leis an anailís sin, ba cheart tástáil a dhéanamh ar chumas eisitheoir ARTanna oibríochtaí criticiúla a chur ar fáil trí shuaitheadh agus ba cheart gach líne ghnó agus aonad inmheánach a chumhdach, lena n-áirítear RMF nó nósanna imeachta bainistithe riosca, agus ba cheart a n-idirspleáchas a chur san áireamh. Ba cheart go rannchuideodh torthaí na hanailíse le tosaíochtaí agus cuspóirí téarnaimh eisitheoir ARTanna a shainiú.

158. Ar bhonn na hanailíse thuasluaite, ba cheart d'eisitheoir ARTanna an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm:

a. pleananna teagmhasacha agus leanúnachais gnó chun a áirithiú go bhfreagraíonn eisitheoir ARTanna go hiomchuí d'éigeandálaí agus go bhfuil sé in ann oibríochtaí criticiúla a sholáthar agus sonraí bunriachtanacha a choinneáil ar bun má chuirtear isteach ar a ghnáthnósanna imeachta gnó;

b. pleananna téarnaimh le haghaidh acmhainní criticiúla agus feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha chun téarnamh ó chur isteach agus chun é a chur ar a chumas d'eisitheoir ARTanna filleadh ar ghnáthnósanna imeachta gnó laistigh de thréimhse ama iomchuí. Ba cheart aon riosca iarmharach ó shuaitheadh gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bheith comhsheasmhach le hinghlacthacht riosca eisitheoir ARTanna;

c. i gcás gníomhaíochtaí eile, nó i gcás nach féidir leanúnachas feidhmeanna bunriachtanacha criticiúla a áirithiú, ba cheart nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag eisitheoirí ARTanna chun sonraí agus feidhmeanna a aisghabháil go tráthúil agus chun a ngníomhaíochtaí a atosú go tráthúil.

159. Ba cheart pleananna teagmhasacha, leanúnachais gnó agus téarnaimh a dhoiciméadú agus a chur chun feidhme go cúramach. Ba cheart an doiciméadacht a bheith ar fáil laistigh de na línte gnó, na haonaid inmheánacha agus RMF don fhoireann atá i gceannas ar nósanna

imeachta bainistithe riosca agus ba cheart í a stóráil ar chórais atá scartha go fisiceach agus a bhfuil rochtain éasca orthu i gcás teagmhais. Ba cheart oiliúint iomchuí a chur ar fáil. Ba cheart na pleananna a thástáil agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Ba cheart aon dúshláin nó teipeanna a tharlaíonn i rith na dtástálacha a dhoiciméadú agus a anailísiú, agus ba cheart na pleananna a athbhreithniú dá réir.

## Teideal VII – Trédhearcacht

160. Ba cheart straitéisí, beartais agus nósanna imeachta a chur in iúl do gach ball foirne ábhartha ar fud eisitheoir ARTanna. Ba cheart don fhoireann beartais agus nósanna imeachta a bhaineann lena ndualgais agus lena bhfreagrachtaí a thuiscint agus cloí leo.

161. Dá réir sin, ba cheart don chomhlacht bainistíochta an fhoireann ábhartha a chur ar an eolas agus a thabhairt cothrom le dáta faoi straitéisí agus beartais eisitheoir ARTanna ar bhealach soiléir agus comhsheasmhach, ar a laghad go dtí an leibhéal is gá chun a ndualgais ar leith a chomhlíonadh. Féadfar é sin a dhéanamh trí threoirlínte scríofa, lámhleabhair nó ar bhealaí eile.